# AN tAONTAS EORPACH

**PARLAIMINT NA hEORPA** **AN CHOMHAIRLE**

**An Bhruiséil, 22 Bealtaine 2007**
**(OR. en)**

**2005/0282 (COD)**

**PE-CONS 3602/2/07**
**REV 2**

**ENT 9**
**ENV 43**
**CODEC 65**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála (Euro 5 agus Euro 6) agus maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí |

**RIALACHÁN (CE) Uimh. .../2007**
**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála (Euro 5 agus Euro 6) agus maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí.**

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 95 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 251 den Chonradh[2],

---

[1] IO C, 318, 22.12.2006, lch. 62.
[2] Tuairim ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Nollaig 2006 (gan foilsiú fós san Iris Oifigiúil) agus Cinneadh ón gComhairle an … .

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Cuimsíonn an margadh inmheánach limistéar gan teorainneacha inmheánacha ina gcaitear saorghluaiseacht earraí, daoine, seirbhísí agus caipitil a áirithiú. Chuige sin tá córas cuimsitheach comhchineálaithe Comhphobail do mhótarfheithiclí i bhfeidhm, a bunaíodh le Treoir 70/156/CEE ón gComhairle an 6 Feabhra 1970 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le cineálcheadú mótarfheithiclí agus a leantóirí[1]. Dá bhrí sin, ba chóir na riachtanais theicniúla a bhaineann le comhchineálú mótarfheithiclí maidir le hastaíochtaí a chomhchuibhiú sa dóigh nach mbeadh riachtanais dhifriúla i mBallstáit áirithe seachas a chéile agus chun ardleibhéal cosanta comhshaoil a áirithiú.

(2) Tá an Rialachán seo ar cheann de líon achtanna rialúcháin ar leith i gcomhthéacs nós imeachta comhchineálaithe an Chomhphobail faoi Threoir 70/156/EEC. Dá bhrí sin, ba chóir an Treoir sin a leasú dá réir.

(3) Ar iarratas ó Pharlaimint na hEorpa tá cur chuige nua rialúcháin tugtha isteach i reachtaíocht an AE maidir le feithiclí. Dá réir sin, leagann an Rialachán seo forálacha bunúsacha síos maidir le hastaíochtaí ó fheithiclí, ach is trí bhearta cur i bhfeidhm a glacadh trí nósanna imeachta coiste a leagfar amach na sonraíochtaí teicniúla.

---

**1** IO L 42, 23.2.1970, lch. 1. Treoir arna leasú go deireanach le Treoir 2006/40/CE. (IO L 161, 14.6.2006, lch. 12).

(4) I mí Márta 2001 sheol an Coimisiún an clár dar teideal Aer Glan Don Eoraip (CAFE), ar leagadh amach a mhóreilimintí i dteachtaireacht an 4 Bealtaine 2005. Dá thoradh sin glacadh le straitéis théamúil maidir le truailliú aeir le teachtaireacht a eisíodh an 21 Meán Fómhair 2005. Ceann de chonclúidí na straitéise téamúla is ea gur gá tuilleadh laghduithe a dhéanamh ar astaíochtaí ó earnáil an iompair (aeriompar, muiriompar agus iompar ar tír), ó theaghlaigh agus ó earnálacha an fhuinnimh, na talmhaíochta agus an tionscail chun cuspóirí cáilíochta aeir an AE a bhaint amach. Sa chomhthéacs sin, ba chóir tabhairt faoi astaíochtaí ó fheithiclí a laghdú mar chuid de straitéis fhoriomlán. Tá caighdeáin Euro 5 agus 6 ar cheann de na bearta a ceapadh chun astaíochtaí ábhair cháithnínigh agus réamhtheachtaithe ózóin ar nós ocsaídí nitrigine agus hidreacarbón a laghdú ag céim luath.

(5) Chun cuspóirí cáilíochta aeir AE a bhaint amach, beidh gá le hiarracht leanúnach astaíochtaí ó fheithiclí a laghdú. Chuige sin, ba chóir faisnéis shoiléir faoi luachanna teorantacha astaíochta a chur ar fáil don tionscal amach anseo. Sin í an chúis a gcuimsíonn an Rialachán seo, de bhreis ar Euro 5, céim Euro 6 de na luachanna teorantacha astaíochta.

(6) Is gá, go háirithe, laghdú suntasach a dhéanamh ar astaíochtaí ocsaíde nitrigine ó fheithiclí díosail chun cáilíocht an aeir a fheabhsú agus chun luachanna teorantacha truaillithe a chomhlíonadh. Éilíonn sin go mbainfí luachanna teorantacha uaillmhianacha amach ag céim Euro 6 gan an ceangal a bheith ar dhaoine buntáistí na n-inneall díosail a ligean uathu maidir le hídiú breosla agus le hastaíochtaí aonocsaíde carbóin. Má leagtar amach céim den sórt sin chun astaíochtaí ocsaíde nitrigine a laghdú, áiritheoidh an méid sin slándáil fhadtéarmach pleanála ar fud na hEorpa do dhéantóirí feithiclí.

(7) Agus caighdeáin astaíochta á leagan amach, tá sé tábhachtach go gcuirfí san áireamh na himpleachtaí do mhargaí agus d'iomaíochas déantóirí, na costais dhíreacha agus indíreacha a chuirtear ar ghnó agus na buntáistí a charntar ó thaobh nuálaíocht a spreagadh, cáilíocht an aeir a fheabhsú, costais sláinte a laghdú agus ionchas saoil a mhéadú, mar aon leis na himpleachtaí a bhaineann leis an tionchar foriomlán ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin.

(8) Tá gá le rochtain neamhshrianta ar fhaisnéis faoi dheisiú feithiclí, trí fhormáid chaighdeánaithe is féidir a úsáid chun an fhaisnéis theicniúil a aisghabháil, agus le hiomaíocht éifeachtach ar an margadh do sheirbhísí faisnéise faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú, go háirithe maidir le saorghluaiseacht earraí, saoirse bhunaíochta agus saoirse chun seirbhísí a sholáthar. Baineann sciar mór den fhaisnéis sin le córais dhiagnóiseacha ar bord (DAB)agus lena n-idirghníomhaíocht le córais eile feithiclí. Is cuí sonraíochtaí teicniúla a leagan amach ar chóir do láithreáin ghréasáin na ndéantóirí cloí leo, mar aon le spriocbhearta lena chinntiú go mbeadh rochtain réasúnach ag fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) orthu. Is féidir le comhchaighdeáin a aontaíodh i bpáirt le páirtithe leasmhara, leithéidí fhormáid OASIS[1], malartú faisnéise a éascú idir déantóirí agus soláthraithe seirbhíse. Dá bhrí sin is cuí a éileamh ag an tús go n-úsáidfí sonraíochtaí teicniúla fhormáid OASIS agus go n-iarrfaí ar an gCoimisiún a iarraidh ar CEN/ISO tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an bhformáid sin d'fhonn caighdeán a chinneadh a bheadh sé i gceist a chur in ionad fhormáid OASIS i dtráth cuí.

(9) Tráth nach déanaí ná ceithre bliana tar éis an dáta a dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm, ba chóir don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú an chórais rochtana ar gach faisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí chun a chinneadh ar chuí na forálacha go léir a rialaíonn rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí a chomhdhlúthú i dTreoir réime choigeartaithe maidir le cineálcheadú. Má ionchorpraítear na forálacha a rialaíonn rochtain ar gach faisnéis faoi fheithiclí sa Treoir sin, ba chóir na forálacha comhfhreagracha atá sa Rialachán seo a aisghairm, fad a chaomhnófar na cearta rochtana atá ann ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil.

---

1 An Eagraíocht do chur ar Aghaidh Caighdeán Faisnéise Struchtúrtha.

(10) Astaíochtaí atá fós gan rialú agus a eascraíonn de thoradh úsáid níos leithne a bheith á baint as foirmlithe nua breosla, teicneolaíochtaí innill agus córais rialaithe astaíochtaí, ba chóir don Choimisiún iad a choimeád faoi bhreithniú agus, más gá, togra a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle d'fhonn astaíochtaí den sórt sin a rialú.

(11) Chun gurbh éasca feithiclí breosla ionadúil a thabhairt isteach a bhféadfaidh astaíochtaí ísle ocsaíde nitrigine agus cáithníneacha a bheith acu, agus chun go gcoimeádfar a leithéid ann, agus ag an am céanna, chun astaíochtaí laghdaithe ó fheithiclí peitrealchumhachta a chothú, tugtar isteach leis an Rialachán seo luachanna teorantacha ar leith do lánhidreacarbóin agus do lánhidreacarbóin neamh-mheatáin.

(12) Ba chóir leanúint d'iarrachtaí chun srianta astaíochta níos déine a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin a laghdú, agus chun a chinntiú go mbainfidh na srianta sin le feidhmiú iarbhír feithiclí agus iad in úsáid.

(13) Chun a chinntiú go bhfuil astaíochtaí d'ábhar cáithníneach sármhín (ÁC 0,1 µm agus faoina bhun) rialaithe, ba chóir don Choimisiún cur chuige líonbhunaithe a ghlacadh a luaithe is féidir i leith astaíochtaí ÁC mar aon leis an gcur chuige maisbhunaithe a úsáidtear faoi láthair, agus é a thabhairt isteach ar a dhéanaí nuair a thiocfaidh céim Euro 6 i bhfeidhm. Ba chóir go mbeadh an cur chuige líonbhunaithe i leith astaíochtaí ÁC bunaithe ar thorthaí Chlár Tomhais Cáithnínigh (CTC) na NA/an ECE agus ba chóir go mbeadh sé ag luí leis na cuspóirí uaillmhianacha atá ann don chomhshaol.

(14) Chun tuilleadh in-atrialltachta a sholáthar agus mais agus líon na n-astaíochtaí cáithníneacha á dtomhas sa tsaotharlann, ba chóir don Choimisiún nós imeachta nua tomhais a ghlacadh in ionad an nós imeachta reatha. Ba chóir é sin a thionscnamh a luaithe is féidir agus ar a dhéanaí nuair a bheidh céim Euro 6 á feidhmiú. Ba chóir dó a bheith bunaithe ar thorthaí an CTC. Nuair a chuirfear an nós imeachta nua tomhais i bhfeidhm, ba cheart athchalabrú a dhéanamh ar na maisteorainneacha astaíochta ÁC atá leagtha amach sa Rialachán seo, ó tharla go dtaifeadann an nós imeachta nua maisleibhéal níos ísle ná mar a dhéanann an modh atá ann faoi láthair.

(15) Ba chóir don Choimisiún an gá atá ann coigeartú a dhéanamh ar an tSraith Nua Eorpach Tiomána a choimeád faoi bhreithniú, agus é ina nós imeachta tástála do rialacháin chineálcheadaithe CE maidir le hastaíochtaí. D'fhéadfadh sé gur ghá na sraitheanna tástálacha a thabhairt cothrom le dáta nó sraitheanna nua a chur ina n-ionad d'fhonn athruithe ar shonrú feithiclí agus ar iompar tiománaithe a léiriú. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le coigeartuithe d'fhonn a áirithiú go bhfreagraíonn fíorastaíochtaí do na hastaíochtaí a thomhaistear agus an cineálcheadú á dhéanamh. Ba chóir úsáid córas soghluaiste tomhais agus tabhairt isteach an choincheapa rialúcháin "gan dul thar a bhfuil riachtanach" a bhreithniú freisin.

(16) Tá córais DAB tábhachtach ó thaobh astaíochtaí a mheas agus an fheithicil á húsáid. De bharr a thábhachtaí is atá sé fíorastaíochtaí a shrianadh, ba chóir don Choimisiún na ceanglais do na córais sin agus na tairseacha lamháltais maidir le monatóireacht ar lochtanna a choimeád faoi bhreithniú.

(17) Is gá modh caighdeánaithe tomhais d'ídiú breosla ag feithiclí agus d'astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin uathu riachtanach chun a áirithiú nach n-éireoidh bacainní teicniúla ar thrádáil idir na Ballstáit. Ina theannta sin, ní mór a áirithiú go gcuirfear eolas cruinn oibiachtúil ar fáil do chustaiméirí agus d'úsáideoirí.

(18) Sula ndréachtóidh sé togra le haghaidh na gcaighdeán a bheidh ann d'astaíochtaí amach anseo, ba chóir don Choimisiún staidéir a chur ar bun a cheapfar chun a chinneadh an gá catagóirí feithiclí a fhoroinnt i gcónaí ina ngrúpaí agus an féidir maisteorainneacha neodracha i leith astaíochtaí a chur i bhfeidhm.

(19) Ba chóir go mbeadh na Ballstáit in ann luas a chur, trí bhíthin dreasachtaí airgeadais, faoin bpróiseas trína ndéanfar feithiclí a chomhlíonfaidh na ceanglais a ghlacfar ar leibhéal an Chomhphobail a chur ar an margadh. Ba chóir go gcomhlíonfadh na dreasachtaí seo forálacha an Chonartha, áfach, go háirithe na rialacha i leith státchabhrach. Is amhlaidh atá chun nach ndéanfaí saobhadh ar an margadh inmheánach. Níor chóir go ndéanfadh an Rialachán seo difear do cheart na mBallstát astaíochtaí a áireamh mar chuid den chóras faoina ríomhfar na cánacha a thoibheofar ar fheithiclí.

(20) Ó tharla gur forbraíodh reachtaíocht an Chomhphobail maidir le hastaíochtaí ó fheithiclí agus maidir le hídiú breosla thar thréimhse is faide ná 35 bliana agus go bhfuil sí leagtha amach anois i mbreis agus 25 Threoir, b'inmholta rialachán nua agus roinnt beart cur i bhfeidhm a chur in ionad na dTreoracha sin. Áiritheoidh rialachán go mbeidh na forálacha teicniúla mionsonraithe infheidhme go díreach maidir le déantóirí, le húdaráis cheadaithe agus le seirbhísí teicniúla agus go bhféadfar iad a thabhairt cothrom le dáta ar bhealach níos tapa agus níos éifeachtaí. Ba chóir, dá bhrí sin Treoir 70/220/CEE[1], Treoir 72/306/CEE[2], Treoir 74/290/CEE [3] agus Treoir 80/1268/CEE[4], Treoir 83/351/CEE[5], Treoir 88/76/CEE[6], Treoir 88/436/CEE[7], Treoir 89/458/CEE[8],

---

1 Treoir 70/220/CEE ón gComhairle an 20 Márta 1970 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le bearta atá le glacadh i gcoinne thruailliú an aeir ag astaíochtaí mótarfheithiclí (IO L 76, 6.4.1970, lch. 1). Treoir arna leasú go deireanach le Treoir 2003/76/CE ón gCoimisiún (IO L 206, 15.8.2003, lch. 29).

2 Treoir 72/306/CEE ón gComhairle an 2 Lúnasa 1972 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le bearta atá le glacadh i gcoinne astaíochtaí truailleán ó innill díosail atá le húsáid i bhfeithiclí (IO L 190, 20.8.1972, lch. 1).

3 Treoir 74/290/CEE ón gComhairle an 28 Bealtaine 1974 ag oiriúnú don dul chun cinn teicniúil Treoir 70/220/CEE ón gComhairle maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le bearta atá le glacadh i gcoinne thruailliú an aeir ag gáis ó innill adhainte deimhní mótarfheithiclí (IO L 159, 15.6.1974, lch. 61). Treoir arna leasú le Treoir 2006/101/CE (IO L 363, 20.12.2006, lch. 238).

4 Treoir 80/1268/CEE ón gComhairle an 16 Nollaig 1980 maidir le hastaíochtaí dé-ocsaíde carbóin agus ídiú breosla ó mhótarfheithiclí (IO L 375, 31.12.1980, lch. 36). Treoir arna leasú go deireanach le Treoir 2004/3/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 49, 19.2.2004, lch. 36).

5 Treoir 83/351/CEE ón gComhairle an 16 Meitheamh 1983 lena leasaítear Treoir 70/220/CEE maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le bearta atá le glacadh i gcoinne thruailliú an aeir ag gáis ó innill adhainte deimhní mótarfheithiclí (IO L 197, 20.7 1983, lch. 1).

6 Treoir 88/76/CEE ón gComhairle an 3 Nollaig 1987 lena leasaítear Treoir 70/220/CEE maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le bearta atá le glacadh i gcoinne thruailliú an aeir ag gáis ó innill mhótarfheithiclí (IO L 36, 9.2.1988, lch. 1).

7 Treoir 88/436/CEE ón gComhairle an 16 Meitheamh 1988 lena leasaítear Treoir 70/220 CEE maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le bearta atá le glacadh i gcoinne thruailliú an aeir ag gáis ó innill mhótarfheithiclí (Srian ar astaíochtaí truailleán cáithníneach ó innill díosail) (IO L 214, 6.8.1988, lch. 1).

8 Treoir 89/458/CEE ón gComhairle an 18 Iúil 1989 maidir le caighdeáin astaíochta Eorpacha do charranna faoin bhun 1.4 líotar lena leasaítear Treoir 770/220 CEE maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le bearta atá le glacadh i gcoinne thruailliú an aeir ag astaíochtaí mótarfheithiclí (IO L 226, 3.8.1989, lch. 1).

91/441/CEE[1], 93/59/CEE[2], 94/12/CE[3], 96/69/CE[4], 98/69/CE[5], 2001/1/CE[6], 2001/100/CEE[7] agus 2004/3/CE[8] a aisghairm. Ina theannta sin, ba chóir do na Ballstáit an reachtaíocht a aisghairm lena dtrasuitear na Treoracha aisghairthe.

---

1 Treoir 91/441/CEE ón gComhairle an 26 Meitheamh 1991 lena leasaítear Treoir 770/220/CEE maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le bearta atá le glacadh i gcoinne thruailliú an aeir ag astaíochtaí mótarfheithiclí (IO L 242, 30.8.1991, lch. 1).

2 Treoir 93/59/CEE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1993 lena leasaítear Treoir 770/220/CEE maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le bearta atá le glacadh i gcoinne thruailliú an aeir ag astaíochtaí mótarfheithiclí (IO L 186, 28.6.1993, lch. 21).

3 Treoir 94/12/CEE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Márta 1994 maidir le bearta atá le glacadh i gcoinne thruailliú an aeir ag astaíochtaí mótarfheithiclí (IO L 100, 19.4.1994, lch. 42).

4 Treoir 96/69/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Deireadh Fómhair 1996 lena leasaítear Treoir 770/220/CEE maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le bearta atá le glacadh i gcoinne thruailliú an aeir ag astaíochtaí mótarfheithiclí (IO L 282, 1.11.1996, lch. 64).

5 Treoir 98/69/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 1998 maidir le bearta atá le glacadh i gcoinne thruailliú an aeir ag astaíochtaí mótarfheithiclí (IO L 350, 28.12.1998, lch. 1).

6 Treoir 2001/1/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Eanáir 2001 lena leasaítear Treoir 70/220/CEE maidir le bearta atá le glacadh i gcoinne thruailliú an aeir ag astaíochtaí mótarfheithiclí (IO L 35, 6.2.2001, lch. 34).

7 Treoir 2001/100/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Nollaig 2001 lena leasaítear Treoir 70/220/CEE ón gComhairle maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le bearta atá le glacadh i gcoinne thruailliú an aeir ag astaíochtaí mótarfheithiclí (IO L 16, 18.1.2002, lch. 32).

8 Treoir 2004/3/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 lena leasaítear Treoir 70/156/CEE ón gComhairle agus Treoir 80/1268/CEE maidir le hastaíochtaí dé-ocsaíde carbóin agus ídiú breosla ó mhótarfheithiclí $N_1$ a thomhas (IO L 49, 19.2.2004, lch. 36).

(21) D'fhonn raon na reachtaíochta maidir le hastaíochtaí feithiclí a shoiléiriú, ba chóir Treoir 2005/55/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Meán Fómhair 2005 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann leis na bearta atá le glacadh i gcoinne astú truailleán gásach agus cáithníneach ó innill adhainte comhbhrú le húsáid i bhfeithiclí, agus i gcoinne astú truailleán gásach ó innill adhainte deimhní a bhreoslaítear le gás nádúrtha nó le gás peitriliam leachtaithe le húsáid i bhfeithiclí[1] a leasú ionas go bhfolófar na feithiclí tromshaothair uile d'fhonn a shoiléiriú go mbainfidh an Rialachán seo le feithiclí saothair éadroim.

(22) Chun trasdul rianúil ó na Treoracha reatha go dtí an Rialachán seo a áirithiú, ba chóir infheidhmeacht an Rialacháin seo a chur siar ar feadh tréimhse áirithe tar éis dó teacht i bhfeidhm. Ba chóir go mbeadh déantóirí in ann rogha a dhéanamh i rith na tréimhse sin, áfach, feithiclí a bheith ceadaithe faoi na Treoracha atá ann nó faoin Rialachán seo. Ina theannta sin, ba chóir go gcuirfí na forálacha maidir le dreasachtaí airgeadais i bhfeidhm láithreach tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Ní dhéanfaidh teacht i bhfeidhm an Rialacháin seo difear do bhailíocht na gcineálcheaduithe a dheonaítear faoi na Treoracha atá ann.

(23) Chun trasdul rianúil ó na Treoracha atá ann go dtí an Rialachán seo a áirithiú, ba chóir foráil d'eisceachtaí áirithe i gcéim Euro 5 maidir le feithiclí a cheaptar chun riachtanais shóisialta shonracha a shásamh. Ba chóir go scoirfidh na heisceachtaí sin ar theacht i bhfeidhm do chéim Euro 6.

---

[1] IO L 275, 20.10.2005, lch. 1. Treoir arna leasú go deireanach le Treoir 2006/51/CE ón gCoimisiún (IO L 152, 7.6.2006, lch. 11).

(24) Ba chóir na bearta is gá do chur chun feidhme an Rialacháin seo a ghlacadh i gcomhréir le Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 ag leagan síos na rialacha mionsonraithe maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún[1].

(25) Go háirithe, ba chóir cumhacht a thabhairt don Choimisiún chun luachanna teorantacha bunaithe ar líon na gcáithníní a chur isteach in Iarscríbhinn I agus chun na luachanna teorantacha bunaithe ar mhais cháithníneach a leagtar amach san Iarscríbhinn sin a athchalabrú. Ós rud é go bhfuil raon feidhme ginearálta ag na bearta sin agus gur ceapadh iad chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, ba chóir iad a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá bhforáiltear in Airteagal 5a de Chinneadh 1999/468/EC.

(26) Ba chóir cumhacht a thabhairt don Choimisiún freisin chun nósanna imeachta sonracha, tástálacha sonracha agus ceanglais shonracha a leagan amach don chineálcheadú, mar aon le nós imeachta tomhais coigeartaithe do cháithníní agus luach teorantach bunaithe ar líon na gcáithníní, agus chun bearta a ghlacadh a bhaineann le húsáid feistí sáraithe, le rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí agus leis na sraitheanna tástálacha a úsáidtear chun astaíochtaí a thomhas. Ós rud é go bhfuil raon feidhm ginearálta ag na bearta sin agus gur ceapadh iad chun gnéithe neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, ba chóir iad a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá bhforáiltear in Airteagal 5a de Chinneadh 1999/468/CE.

---

**1** IO L 184, 17.7.1999, lch. 23. Cinneadh arna leasú le Cinneadh 2006/512/CE (IO L 200, 22.7.2006, lch. 11).

(27) Ó tharla nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon cur i gcrích an mhargaidh inmheánaigh trí mheán comhcheanglas teicniúil i leith astaíochtaí ó mhótarfheithiclí agus rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí a ráthú d'oibritheoirí neamhspleácha faoi mar a dhéantar do dhéileáilithe agus do dheisitheoirí údaraithe, a bhaint amach go leordhóthanach agus dá bhrí sin, . gur fearr is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Chomhphobail, féadfaidh an Comhphobal bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# CAIBIDIL I

# Ábhar, raon feidhme agus sainmhínithe

*Airteagal 1*

*Ábhar*

1. Bunaítear leis an Rialachán seo ceanglais chomhchoiteanna teicniúla maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí ("feithiclí") agus páirteanna athsholáthair, ar nós feistí athsholáthair rialaithe truaillithe, i dtaca lena n-astaíochtaí.

2. Fairis sin, leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha maidir le comhréireacht inseirbhíse, marthanacht feistí rialaithe truaillithe, córais dhiagnóiseacha ar bord (DAB), tomhas ídithe breosla agus rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí.

*Airteagal 2*

*Raon feidhme*

1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le feithiclí de chatagóir $M_1$, de chatagóir $M_2$, de chatagóir $N_1$ agus de chatagóir $N_2$ mar a shainítear iad in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 70/156/CEE nach mó a mais thagartha ná 2 610 kg.

2. Ar iarratas ón déantóir, féadfar cineálcheadú a dheonaítear faoin Rialachán seo a leathnú ó fheithiclí a fholaíonn mír 1 chuig feithiclí $M_1$, $M_2$, $N_1$ agus $N_2$ mar a shainítear iad in Iarscríbhinn II de Threoir 70/156/CEE nach mó a mais thagartha ná 2 840 kg agus a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach sa Rialachán seo agus ina bhearta cur chun feidhme.

*Airteagal 3*

*Sainmhínithe*

Chun críocha an Rialacháin seo agus chun críocha a bheart cur chun feidhme, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

1) ciallaíonn "feithicil hibrideach" feithicil a bhfuil dhá thiontaire fuinnimh éagsúla inti agus dhá chóras stórála fuinnimh éagsúla (san fheithicil) chun an fheithicil a thiomáint;

2) ciallaíonn "feithiclí a ceapadh chun riachtanais shóisialta shonracha a shásamh" feithiclí díosail de chatagóir $M_1$ mar seo a leanas:

   (a) feithiclí sainchuspóireacha mar a shainmhínítear i dTreoir 70/156/CEE nach mó a mais thagartha ná 2 000 kg; nó

(b) feithiclí ar mó a mais thagartha ná 2000 kg agus a ceapadh chun 7 n-áititheoirí nó níos mó a iompar, an tiománaí san áireamh, seachas, ón 1 Meán Fómhair 2012, feithiclí de chatagóir $M_1G$ mar a shainmhínítear i dTreoir 70/156/CEE; nó

(c) feithiclí ar mó a mais thagartha ná 1790 kg agus ar chun críocha tráchtála a thógtar go sonrach iad chun fónamh san fheithicil do chathaoireacha rothaí;

3) ciallaíonn "mais thagartha" mais na feithicle in ord reatha lúide mais chomhionann 75 kg an tiománaí arna mhéadú faoi mhais chomhionann 100 kg;

4) ciallaíonn "truailleáin ghásacha" astaíochtaí gáis sceite aonocsaíde carbóin, ocsaídí nitrigine, a chuirtear i bhfios i gcoibhéis dé-ocsaíde nitrigine ($NO_2$), agus i hidreacarbóin;

5) ciallaíonn "truailleáin cháithníneacha" comhpháirteanna den ghás sceite a bhaintear as an ngás sceite caolaithe ag uasteocht 325 K (52°C) trí mheán na scagairí a luaitear sa nós imeachta tástála maidir le meánastaíochtaí sceithphíopa a fhíorú;

6) ciallaíonn "astaíochtaí sceithphíopa" astaíocht truailleán gásach agus cáithníneach;

7) ciallaíonn "astaíochtaí galaithe" an ghal hidreacarbóin a astaítear as córas breosla feithicle seachas an ghal a thagann ó astaíochtaí sceithphíopa;

8) ciallaíonn "cás an chromáin" na spásanna istigh san inneall, nó taobh amuigh de, a bhíonn ceangailte le humar na hola trí dhuchtanna istigh san umar nó taobh amuigh di a thugann deis astaithe do gháis agus do ghal;

9) ciallaíonn "córas diagnóiseach ar bord" nó "córas DAB" córas rialaithe astaíochtaí a bhfuil sé de chumas ann réimse dóchúil na mífheidhme a aithint trí bhíthin lochtchód a stóráiltear i gcuimhne ríomhaire;

10) ciallaíonn "feiste sáraithe" aon eilimint dearaidh lena mothaítear teocht, luas feithicle, luas innill (ISN), giar traiseolta, folús iolrúcháin nó aon pharaiméadar eile chun críocha oibriú aon chuid den chóras rialaithe astaíochta a ghníomhachtú, a mhodhnú, a mhoilliú nó a dhíghníomhachtú agus lena laghdaítear éifeachtúlacht an chórais rialaithe astaíochta i gcoinníollacha a bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnach leo i ngnáthoibriú agus i ngnáthúsáid feithicle.

11) ciallaíonn "feiste rialaithe truaillithe" na comhpháirteanna sin d'fheithicil a rialaíonn astaíochtaí galaithe agus/nó a chuireann teorainn leo;

12) ciallaíonn "bunfheiste rialaithe truaillithe" feiste rialaithe truaillithe nó cnuasach feistí den sórt sin a fholaítear leis an gcineálcheadú a deonaíodh i leith na feithicile lena mbaineann;

13) ciallaíonn "feiste athsholáthair rialaithe truaillithe" feiste rialaithe truaillithe nó cnuasach feistí den sórt sin a ceapadh chun dul in ionad bunfheiste rialaithe truaillithe agus is féidir a cheadú mar aonad teicniúil ar leith mar a shainmhínítear i dTreoir 70/156/CEE é;

14) ciallaíonn "faisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil" gach faisnéis is gá chun diagnóis, seirbhísiú, iniúchadh, monatóireacht thréimhseach, deisiú, athchlárú nó atúsú a dhéanamh ar an bhfeithicil, faisnéis a sholáthraíonn na déantóirí dá ndeisitheoirí údaraithe nó dá ndéileálaithe údaraithe lena n-áirítear gach leasú nó forlíonadh ina dhiadh sin ar an bhfaisnéis sin. Áirítear san fhaisnéis sin gach faisnéis atá riachtanach chun páirteanna nó trealamh a fheistiú ar fheithiclí;

15) ciallaíonn "oibreoir neamhspleách" fiontair seachas déileálaithe údaraithe agus deisitheoirí údaraithe a bhíonn páirteach go díreach nó go hindíreach i ndeisiú agus i gcothabháil mótarfheithiclí, go háirithe deisitheoirí, déantóirí nó dáileoirí trealaimh dheisiúcháin, uirlisí nó páirteanna spártha, foilsitheoirí faisnéise teicniúla, clubanna gluaisteán, oibreoirí cabhrach ar thaobh an bhóthair, oibreoirí a chuireann seirbhísí iniúchta agus tástála ar fáil, oibreoirí a chuireann oiliúint ar fáil do shuiteálaithe, déantóirí agus deisitheoirí trealaimh feithiclí breosla ionadúil;

16) ciallaíonn "bithbhreoslaí" breoslaí leachtacha nó gásacha le haghaidh iompair, a tháirgtear as bithmhais;

17) ciallaíonn "feithicil breosla ionadúil" feithicil a ceapadh chun a thiomána le cineál amháin breosla ar a laghad atá gásach ag teocht atmaisféarach agus ag brú atmaisféarach, nó nach bhfuil díorthaithe de mhórán ó ola mhianrach.

# Caibidil II

# Oibleagáidí na ndéantóirí maidir le cineálcheadú

*Airteagal 4*

*Oibleagáidí na ndéantóirí*

1. Léireoidh déantóirí go bhfuil gach feithicil nua a dhíolfar, a chlárófar nó a chuirfear i seirbhís sa Chomhphobal cineálcheadaithe i gcomhréir leis an Rialachán seo agus lena bhearta cur chun feidhme. Léireoidh déantóirí chomh maith go mbeidh gach feiste athsholáthair rialaithe truaillithe nua a mbeidh cineálcheadú riachtanach dóibh a dhíolfar nó a chuirfear i seirbhís sa Chomhphobal cineálcheadaithe i gcomhréir leis an Rialachán seo agus lena bhearta cur chun feidhme.

   Áirítear ar na hoibleagáidí sin na teorainneacha astaíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus na bearta cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 5 a chomhlíonadh.

2. Cinnteoidh déantóirí go gcomhlíonfar nósanna imeachta cineálcheadaithe chun comhréireacht táirgeachta, marthanacht feistí rialaithe truaillithe agus comhréireacht inseirbhíse a fhíorú.

Chomh maith leis sin, caithfidh na bearta teicniúla a ghlacfaidh an déantóir a áirithiú go gcuirfear srian i gceart le hastaíochtaí sceithphíopa agus galaithe, de bhun an Rialacháin seo, ar feadh ghnáth-shaolré na bhfeithiclí agus iad á dtiomáint faoi ghnáthchoinníollacha úsáide. Dá bhrí sin, seiceálfar bearta comhréireachta inseirbhíse go ceann tréimhse 5 bliana nó 100 000 km, cibé acu is túisce a shroichfear. Folóidh an tástáil mharthanachta a dhéanfar ar feistí rialaithe truaillithe chun críocha cineálcheadaithe 160 000 km. Chun an tástáil mharthanachta sin a chomhlíonadh, ba chóir go mbeadh deis ag na déantóirí leas a bhaint as aosú binse tástála, faoi réir na mbeart cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 4.

Déanfar comhréireacht inseirbhíse a sheiceáil, go háirithe, maidir le hastaíochtaí sceithphíopa arna dtástáil de réir na dteorainneacha astaíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn I. D'fhonn rialú astaíochtaí galaithe agus astaíochtaí teochta comhthimpeallaí ísle a fheabhsú, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na nósanna imeachta tástála.

3. Déanfaidh déantóirí figiúirí astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin agus ídithe breosla a leagan amach i ndoiciméad a thabharfar do cheannatheoir na feithicle tráth an cheannaigh.

4. Leagfar amach na nósanna imeachta sonracha agus na riachtanais shonracha maidir le mír 2 agus mír 3 a chur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 15(2).

*Airteagal 5*

*Riachtanais agus tástálacha*

1. Feisteoidh an déantóir na feithiclí ionas go mbeidh na comhpháirteanna deartha, déanta agus cóimeáilte ar dhóigh go bhféadfaidh an fheithicil, sa ghnáthúsáid, an Rialachán seo agus a bhearta cur chun feidhme a chomhlíonadh.

2. Toirmiscfear úsáid feistí sáraithe a laghdaíonn éifeachtúlacht na gcóras rialaithe astaíochtaí. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc sna cásanna seo a leanas:

   (a) i gcás ina mbeidh call leis an bhfeiste chun an t-inneall a chosaint ó dhamáiste nó ó thionóisc agus chun go n-oibreoidh an fheithicil go sábháilte;

   (b) i gcás nach n-oibreoidh an fheiste ach chun críocha an t-inneall a dhúiseacht, nó

   (c) i gcás ina bhfolófar go suntasach sna nósanna imeachta tástála coinníollacha chun astaíochtaí galaithe agus meánastaíochtaí ó sceithphíopaí a fhíorú.

3. Na nósanna imeachta sonracha, na tástálacha sonracha agus na ceanglais shonracha a leagtar amach sa mhír seo, maille leis na ceanglais i ndáil le mír 2 a chur chun feidhme, a ceapadh chun gnéithe neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, trína fhorlíonadh, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá bhforáiltear in Airteagal 15(3). Folóidh sé sin leagan amach na gceanglas a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

(a) astaíochtaí ó sceithphíopaí, lena n-áirítear sraitheanna tástálacha, astaíochtaí faoi theocht chomhthimpeallach íseal, astaíochtaí ag luas réchasta, teimhneacht deataigh agus dea-fheidhmiú agus athghiniúint na gcóras iarchóireála;

(b) astaíochtaí galaithe agus astaíochtaí ó chás an chromáin;

(c) córais DAB agus feidhmiú na bhfeistí rialaithe truaillithe le linn úsáide;

(d) marthanacht feistí rialaithe truaillithe, feistí athsholáthair rialaithe truaillithe, comhréireacht inseirbhíse, comhréireacht táirgeachta agus ródacmhainneacht;

(e) tomhas astaíochtaí gás ceaptha teasa agus ídiú breosla;

(f) feithiclí hibrideacha agus feithiclí breosla ionadúil;

(g) cineálcheaduithe a leathnú agus na ceanglais a bhaineann le déantóirí ísealtáirgeachta;

(h) an trealamh tástála; agus

(i) breoslaí tagartha, amhail peitreal, díosal, breoslaí gáis agus bithbhreoslaí amhail bitheatánól, bithdhíosal agus bithghás.

Beidh feidhm ag na ceanglais anseo thuas maidir le feithiclí, mar is ábhartha, gan féachaint don saghas breosla lena gcumhachtaítear iad.

# CAIBIDIL III

## Rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí

*Airteagal 6*

*Oibleagáidí na ndéantóirí*

1. Tabharfaidh na déantóirí rochtain neamhshrianta chaighdeánaithe d'oibreoirí neamhspleácha ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí ar láithreáin ghréasáin i bhformáid chaighdeánaithe ar dhóigh phras inrochtana, agus ar dhóigh atá neamhidirdhealaitheach i gcomparáid leis an soláthar a dhéantar ar dhéileálaithe údaraithe agus ar dheisitheoirí údaraithe nó leis an rochtain a thugtar dóibh. Chun gur fusa an cuspóir sin a bhaint amach, cuirfear an fhaisnéis ar fáil ar dhóigh chomhsheasmhach, i gcomhréir le ceanglais theicniúla fhormáid OASIS[1] i dtosach. Cuirfidh na déantóirí ábhar oiliúna ar fáil freisin d'oibreoirí neamhspleácha agus do dhéileálaithe údaraithe agus do dheisitheoirí údaraithe.

[1] Tagraíonn "formáid OASIS" do shonraíochtaí teicniúla Dhoiciméad OASIS SC2-D5, Format of Automotive Repair Information, leagan 1.0, 28 Bealtaine 2003 (ar fáil ag: **http://www.oasis-open.org/committees/download.php/2412/Draft%20Committee%20Specification.pdf**) agus Ranna 3.2, 3.5, 3.6, 3.7 agus 3.8 de Dhoiciméad OASIS SC1-D2, Autorepair Requirements Specification, leagan 6.1, dar dáta 10-01-2003 (ar fáil ag: http://lists.oasis-open.org/archives/autorepair/200302/pdf00005.pdf), nach n-úsáideann ach formáidí oscailte téacs agus grafacha.

2. Folóidh an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1:

(a) sainaithint aonchiallach na feithicle;

(b) lámhleabhair sheirbhíse;

(c) lámhleabhair theicniúla;

(d) faisnéis faoi chomhpháirteanna agus faoi dhiagnóis (amhail íosluachanna agus uasluachanna teoiriciúla na dtomhas);

(e) léaráid den sreangú;

(f) cóid dhiagnóiseacha ainghléis (lena n-áirítear cóid shonracha an déantóra);

(g) uimhir aitheantais chalabrúcháin na mbogearraí is infheidhme ar chineál feithicle;

(h) faisnéis arna soláthar a bhaineann le huirlisí dílsithe agus le trealamh dílsithe agus a chuirtear ar fáil tríothu; agus

(i) faisnéis faoi thaifead sonraí agus sonraí na monatóireachta déthreo agus na tástála.

3. Déileálaithe nó deisitheoirí údaraithe a bhaineann le córas dáileacháin déantóra áirithe feithiclí, measfar gur oibreoirí neamhspleácha iad chun críocha an Rialacháin seo a mhéid a sholáthraíonn siad seirbhísí deisithe nó cothabhála le haghaidh feithiclí nach comhaltaí iad de chóras dáileacháin a ndéantóra ina leith.

4. Beidh faisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí ar fáil i gcónaí, ach amháin nuair atá gá léi chun cothabháil a dhéanamh ar an gcóras faisnéise.

5. Chun críocha páirteanna athsholáthair nó páirteanna seirbhíse atá DAB-oiriúnach agus uirlisí diagnóiseacha agus trealamh tástála a dhéanamh agus a sheirbhísiú, cuirfidh déantóirí an fhaisnéis ábhartha DAB agus an fhaisnéis ábhartha faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí ar fáil ar bhonn neamhidirdhealaitheach do gach déantóir nó deisitheoir leasmhar comhpháirteanna, uirlisí diagnóiseacha nó trealaimh tástála.

6. Chun críocha trealamh mótarfheithiclí le haghaidh feithiclí breosla ionadúil a dhearadh agus a dhéanamh, cuirfidh déantóirí an fhaisnéis ábhartha DAB agus an fhaisnéis ábhartha faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí ar fáil ar bhonn neamhidirdhealaitheach do gach déantóir, suiteálaí nó deisitheoir leasmhar trealaimh le haghaidh feithiclí breosla ionadúil.

7. Agus iarratas ar chineálcheadú CE nó ar chineálcheadú náisiúnta á dhéanamh aige, cuirfidh an déantóir cruthúnas ar fáil don údarás cineálcheadaithe go gcomhlíonann sé an Rialachán seo maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí agus ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 5. Mura mbeidh an fhaisnéis sin ar fáil fós nó mura mbeidh an Rialachán seo agus a bhearta cur chun feidhme á gcomhlíonadh fós aici an tráth sin, cuirfidh an déantóir ar fáil í laistigh de shé mhí ó dháta an chineálcheadaithe. Mura ndéanfar an cruthúnas sin ar chomhlíonadh a chur ar fáil laistigh den tréimhse sin, glacfaidh an t-údarás ceadaithe bearta iomchuí chun an comhlíonadh a áirithiú.

Cuirfidh an déantóir leasuithe agus forlíontaí ina dhiaidh sin ar an bhfaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí ar fáil ar a láithreáin ghréasáin ag an am céanna a chuirfear ar fáil do dheisitheoirí údaraithe iad.

*Airteagal 7*
*Táillí ar rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú*
*agus faoi chothabháil feithiclí*

1. Féadfaidh déantóirí táillí réasúnta comhréireacha a ghearradh ar rochtain ar an bhfaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí a fholaítear leis an Rialachán seo; ní mheasfar go mbeidh táille réasúnta ná comhréireach má dhéanann sé rochtain a dhíspreagadh toisc nach gcuireann sé san áireamh an méid a úsáideann an t-oibreoir neamhspleách an fhaisnéis.

2. Cuirfidh déantóirí faisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí ar fáil ar bhonn laethúil, míosúil agus bliantúil, agus athróidh na táillí ar rochtain ar an bhfaisnéis sin de réir na dtréimhsí a ndeonófar rochtain ina leith.

*Airteagal 8*
*Bearta cur chun feidhme*

Glacfar na bearta atá riachtanach chun Airteagal 6 agus Airteagal 7 a chur chun feidhme, a ceapadh chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, trína fhorlíonadh, i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 15(3). Áireofar leis sin sonraíochtaí teicniúla a shainmhíniú a bhaineann leis an dóigh ina soláthrófar faisnéis DAB agus faisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí agus na sonraíochtaí sin a thabhairt cothrom le dáta, agus aird faoi leith á tabhairt ar riachtanais shonracha FBManna.

*Airteagal 9*

*Tuarascáil*

Tráth nach déanaí ná ...*, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le feidhmiú an chórais rochtana ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí, agus aird faoi leith á tabhairt don éifeacht ar an iomaíocht agus ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus do na buntáistí comhshaoil. Scrúdófar sa tuarascáil sin arbh iomchuí na forálacha uile a rialaíonn an rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí a chomhdhlúthú i dtreoir réime choigeartaithe maidir le cineálcheadú.

## CAIBIDIL IV
## Oibleagáidí na mBallstát

*Airteagal 10*

*Cineálcheadú*

1. **Le héifeacht ón…**** , arna iarraidh sin ag déantóir, ní fhéadfaidh na húdaráis náisiúnta, ar fhorais a bhaineann le hastaíochtaí nó le hídiú breosla feithiclí, a dhiúltú cineálcheadú CE nó cineálcheadú náisiúnta a dheonú le haghaidh cineáil nua feithicle, ná clárú feithicle nua, a díol nó a cur i seirbhís a thoirmeasc i gcás ina gcomhlíonfaidh an fheithicil sin an Rialachán seo agus a bhearta cur chun feidhme, agus go háirithe luachanna teorantacha Euro 5 a leagtar amach i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I nó luachanna teorantacha Euro 6 a leagtar amach i dTábla 2 d'Iarscríbhinn I.

* Ceithre bliana tar éis an dáta a dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm.
** An dáta a dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm.

2. Le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2009, agus ón 1 Meán Fómhair 2010 i gcás feithiclí de chatagóir $N_1$ aicme II agus III agus i gcás feithiclí de chatagóir $N_2$, diúltóidh na húdaráis náisiúnta, ar fhorais a bhaineann le hastaíochtaí nó le hídiú breosla, cineálcheadú CE nó cineálcheadú náisiúnta a dheonú i leith cineálacha nua feithicle nach gcomhlíonfaidh an Rialachán seo agus a bhearta cur chun feidhme, agus go háirithe na hIarscríbhinní seachas luachanna teorantacha Euro 6 a leagtar amach i dTábla 2 d'Iarscríbhinn I. I gcás na tástála maidir le hastaíochtaí ó sceithphíopaí, is ionann na luachanna teorantacha a chuirfear i bhfeidhm maidir le feithiclí a ceapadh chun riachtanais shóisialta shonracha a shásamh agus na luachanna teorantacha a chuirfear i bhfeidhm ar fheithiclí de chatagóir $N_1$, aicme III.

3. Le héifeacht ón 1 Eanáir 2011, agus ón 1 Eanáir 2012 i gcás feithiclí de chatagóir $N_1$ aicme II agus III agus i gcás feithiclí de chatagóir $N_2$ agus i gcás feithiclí a ceapadh chun riachtanais shóisialta shonracha a shásamh, measfaidh na húdaráis náisiúnta, i gcás feithiclí nua nach gcomhlíonfaidh an Rialachán seo agus a bhearta cur chun feidhme, go háirithe na hIarscríbhinní seachas na luachanna teorantacha Euro 6 a leagtar amach i dTábla 2 d'Iarscríbhinn I, nach mbeidh deimhnithe comhréireachta bailí a thuilleadh chun críocha Airteagal 7(1) de Threoir 70/156/CEE agus, ar fhorais a bhaineann le hastaíochtaí nó le hídiú breosla, toirmiscfidh siad clárú na bhfeithiclí sin agus toirmiscfidh siad a ndíol nó a gcur i seirbhís. I gcás na tástála maidir le hastaíochtaí ó sceithphíopaí, is ionann na luachanna teorantacha a chuirfear i bhfeidhm ar fheithiclí a ceapadh chun riachtanais shóisialta sonracha a shásamh agus na cinn a chuirfear i bhfeidhm ar fheithiclí de chatagóir $N_1$, aicme III.

4. Le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2014, agus ón 1 Meán Fómhair 2015 i gcás feithiclí de chatagóir $N_1$ aicme II agus III agus i gcás feithiclí de chatagóir $N_2$, diúltóidh na húdaráis náisiúnta, ar fhorais a bhaineann le hastaíochtaí nó le hídiú breosla, cineálcheadú CE nó cineálcheadú náisiúnta a dheonú i leith cineálacha nua feithicle nach gcomhlíonfaidh an Rialachán seo agus a bhearta cur chun feidhme, agus go háirithe luachanna teorantacha Euro 6 a leagtar amach i dTábla 2 d'Iarscríbhinn I.

5. Le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2015, agus ón 1 Meán Fómhair 2016 i gcás feithiclí de chatagóir $N_1$ aicme II agus III agus de chatagóir $N_2$, measfaidh na húdaráis náisiúnta, i gcás feithiclí nua nach gcomhlíonfaidh an Rialachán seo agus a bhearta cur chun feidhme, agus go háirithe luachanna teorantacha Euro 6 a leagtar amach i dTábla 2 d'Iarscríbhinn I, nach mbeidh deimhnithe comhréireachta bailí a thuilleadh chun críocha Airteagal 7(1) de Threoir 70/156/CEE agus, ar fhorais a bhaineann le hastaíochtaí nó le hídiú breosla, toirmiscfidh siad clárú na bhfeithiclí sin agus toirmiscfidh siad a ndíol nó a gcur i seirbhís.

*Airteagal 11*

*Cineálcheadú do pháirteanna athsholáthair*

1. Feistí nua athsholáthair rialaithe truaillithe a ceapadh le go bhfeisteofaí i bhfeithiclí iad a ceadaíodh faoin Rialachán seo, toirmiscfidh na húdaráis náisiúnta a ndíol nó a suiteáil i bhfeithicil mura de chineál iad ar deonaíodh cineálcheadú ina leith i gcomhlíonadh an Rialacháin seo agus a bheart cur chun feidhme.

2. Féadfaidh údaráis náisiúnta leanúint de shínte a dheonú do chineálcheaduithe AE le haghaidh feistí athsholáthair rialaithe truaillithe a ceapadh do chaighdeáin a bhí ann roimh an Rialachán seo faoi na téarmaí a cuireadh i bhfeidhm i dtosach. Toirmiscfidh údaráis náisiúnta díol feistí athsholáthair rialaithe truaillithe den sórt sin agus toirmiscfidh siad a suiteáil i bhfeithicil mura de chineál iad ar deonaíodh cineálcheadú ábhartha ina leith.

3. Díolmhaítear ó na ceanglais i mír 1 agus i mír 2 feistí athsholáthair rialaithe truaillithe a ceapadh le go bhfeisteofaí i bhfeithiclí iad a cineálcheadaíodh sular glacadh ceanglais chineálcheadaithe do chomhpháirteanna.

*Airteagal 12*

*Dreasachtaí Airgeadais*

1. Féadfaidh Ballstáit foráil a dhéanamh do dhreasachtaí airgeadais a bhfuil feidhm acu maidir le feithiclí a tháirgtear go srathach agus a chomhlíonann an Rialachán seo agus a bhearta cur chun feidhme.

Beidh na dreasachtaí sin bailí do na feithiclí nua uile a thairgfear le díol ar mhargadh Ballstáit agus a chomhlíonfaidh ar a laghad na luachanna teorantacha d'astaíochtaí atá i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I roimh na dátaí a leagtar amach in Airteagal 10(3); scoirfidh siad ar na dátaí sin.

Féadfar dreasachtaí airgeadais a mbeidh feidhm eisiach acu maidir le feithiclí a chomhlíonfaidh na luachanna teorantacha d'astaíochtaí atá i dTábla 2 d'Iarscríbhinn I a dheonú i leith feithiclí nua den sórt sin a thairgfear le díol ar mhargadh Ballstáit ó na dátaí a leagtar amach in Airteagal 10(3) roimh na dátaí a leagtar amach in Airteagal 10(5); scoirfidh siad ar na dátaí a leagtar amach in Airteagal 10(5).

2. Féadfaidh Ballstáit dreasachtaí airgeadais a dheonú d'athfheistiú feithiclí atá á n-úsáid agus do dhiúscairt feithiclí nach gcomhlíonfaidh na ceanglais.

3. Maidir le gach cineál feithicle, ní rachaidh na dreasachtaí airgeadais dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 thar chostas breise na bhfeistí teicniúla a tugadh isteach chun a áirithiú go gcomhlíonfaí na teorainneacha d'astaíochtaí a shonraítear in Iarscríbhinn I, agus costas a suiteála san fheithicil san áireamh.

4. Cuirfear an Coimisiún ar an eolas in am trátha maidir le pleananna chun na dreasachtaí airgeadais a dtagraítear dóibh i mír 1 agus i mír 2 a thionscnamh nó a athrú.

*Airteagal 13*

*Pionóis*

1. Leagfaidh Ballstáit síos na forálacha maidir le pionóis a bheidh infheidhme maidir le sáruithe ar fhorálacha an Rialacháin seo ag déantóirí agus glacfaidh siad na bearta uile is gá chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtúil, comhréireach agus athchomhairleach. Tabharfaidh Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na forálacha sin tráth nach déanaí ná ...[*] agus tabharfaidh siad fógra dó freisin gan mhoill faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.

---

[*] ocht mí dhéag tar éis an dáta a dtiocfaidh an Rialacháin seo i bhfeidhm.

2. Áireofar ar na cineálacha sáruithe a bheidh faoi réir pionóis:

(a) dearbhuithe bréagacha a dhéanamh i rith na nósanna imeachta ceadaithe nó nósanna imeachta as a dtiocfaidh athghlaoch;

(b) torthaí tástála a fhalsú do chineálcheadú nó do chomhréireacht inseirbhíse;

(c) sonraí nó sonraíochtaí teicniúla a choinneáil siar a bhféadfadh athghlaoch nó tarraingt siar cineálcheadaithe teacht astu;

(d) feistí sáraithe a úsáid; agus

(e) diúltú rochtain ar fhaisnéis a chur ar fáil.

# CAIBIDIL V

# Forálacha críochnaitheacha

*Airteagal 14*

*Athshainmhíniú ar na Sonraíochtaí*

1. Breithneoidh an Coimisiún an gcuimseofar astaíochtaí meatáin i ríomh na n-astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin. Más gá, tíolacfaidh an Coimisiún togra chuig Parlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina mbeidh bearta chun astaíochtaí meatáin a chur san áireamh nó a theorannú.

2. Tar éis chríochnú Chlár Tomhais Cháithnínigh na NA/an ECE, atá á reáchtáil faoi choimirce an Fhóraim Dhomhanda um Chomhfhogasú Rialachán d'Fheithiclí, agus ar theacht i bhfeidhm Euro 6, ar a dhéanaí, glacfaidh an Coimisiún na bearta seo a leanas, a cheapfar chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, inter alia trína fhorlíonadh, gan bhaint den leibhéal uaillmhéine atá ann ó thaobh an chomhshaoil de:

(a) an Rialachán seo a leasú i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá bhforáiltear in Airteagal 15(3) d´fhonn na luachanna teorantacha bunaithe ar mhais cháithníneach a leagtar amach in Iarscríbhinn I den Rialachán seo a athchalabrú, agus luachanna teorantacha bunaithe ar líon na gcáithníní a chur isteach san Iarscríbhinn sin ionas go mbeidh siad i gcomhchoibhneas ginearálta leis na luachanna teorantacha bunaithe ar mhais do pheitreal agus do dhíosal.

(b) nós imeachta tomhais coigeartaithe do cháithníní agus luach teorantach bunaithe ar líon na gcáithníní a ghlacadh, i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá bhforáiltear in Airteagal 15(3).

3. Coimeádfaidh an Coimisiún faoi bhreithniú na nósanna imeachta, tástálacha agus riachtanais dá dtagraítear in Airteagal 5(3) mar aon leis na sraitheanna tástálacha a úsáidtear chun astaíochtaí a thomhas. Má shuíonn an t-athbhreithniú nach leor iad sin a thuilleadh nó nach bhfreagraíonn siad d'fhíorastaíochtaí, cuirfear in oiriúint iad ionas go léireoidh siad go leormhaith na hastaíochtaí a ghineann an fhíorthiomáint ar an mbóthar. Glacfar na bearta riachtanacha, a cheapfar chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, trína fhorlíonadh, i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá bhforáiltear in Airteagal 15(3).

4. Coimeádfaidh an Coimisiún faoi bhreithniú na truailleáin atá faoi réir na gceanglas agus na dtástálacha dá dtagraítear in Airteagal 5(3). Má chinneann an Coimisiún gur iomchuí astaíochtaí truailleán breise a rialú, cuirfidh sé togra faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle chun an Rialachán seo a leasú dá réir.

5. Athbhreithneoidh an Coimisiún na teorainneacha astaíochta a leagtar amach i dTábla 4 d'Iarscríbhinn I le haghaidh astaíochtaí sceithphíopa aonocsaíde carbóin agus hidreacarbóin tar éis tástála fuarthosaithe agus cuirfidh sé, de réir mar is iomchuí, togra faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle d'fhonn géarú ar na teorainneacha astaíochta.

6. Leasófar na hIarscríbhinní ábhartha i dTreoir 2005/55/CE i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá bhforáiltear in Airteagal 15(3) ionas go mbeidh iontu ceanglais do chineálcheadú na bhfeithiclí uile a fholaítear faoi raon feidhme na Treorach sin.

*Airteagal 15*

*Nós Imeachta Coiste*

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún.

2. Nuair a thagrófar don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 agus ag Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de.

Trí mhí a bheidh sa tréimhse a leagtar síos in Airteagal 5(6) de Chinneadh 1999/468/CE.

3. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5a(1) go (4) agus ag Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de.

*Airteagal 16*

*Leasuithe ar Threoir 70/156/CEE agus ar Threoir 2005/55/EC*

1. Leasaítear Treoir 70/156/CEE i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. Leasaítear mar a leanas leis seo Treoir 2005/55/CE:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

"Treoir 2005/55/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Meán Fómhair 2005 maidir le cineálcheadú feithiclí agus inneall tromshaothair i leith a n-astaíochtaí (Euro IV agus V)";

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

"Airteagal 1

Chun críocha na Treorach seo beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn "feithicil" aon mhótarfheithicil mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Threoir 70/156/CEE ar mó a mais thagartha ná 2 610 kg;

(b) ciallaíonn "inneall" foinse chumhachta gluaiste feithicle a bhféadfar cineálcheadú a dheonú di mar aonad teicniúil faoi leith, mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Threoir 70/156/CEE;

(c) ciallaíonn "feithicil feabhsaithe atá neamhdhíobhálach don chomhshaol (FFNC)" feithicil a thiomáineann inneall a chomhlíonann na luachanna teorantacha ceadaitheacha astaíochta a leagtar amach i sraith C de na táblaí i Roinn 6.2.1 d'Iarscríbhinn I."

(c) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 1 d'Iarscríbhinn I:

"1. Tá feidhm ag an Treoir seo maidir le rialú truailleán gásach agus cáithníneach, le saol úsáideach feistí rialaithe astaíochtaí, le comhréireacht inseirbhíse feithiclí/inneall agus le córais dhiagnóiseacha ar bord (DAB) na mótarfheithiclí uile, agus le hinnill mar a shonraítear in Airteagal 1 seachas feithiclí de chatagóir $M_1$, de chatagóir $N_1$, de chatagóir $N_2$ agus de chatagóir $M_2$ ar deonaíodh cineálcheadú ina leith faoi [Rialachán (CE) Uimh. ..../....[+].".

[+] IO: Cuir isteach ceannteideal an Rialacháin seo agus an fonóta a fhreagraíonn dó, le do thoil.

*Airteagal 17*

*Aisghairm*

1. Aisghairfear na Treoracha seo a leanas le héifeacht ón ...*:

- Treoir 70/220/CEE,
- Treoir 72/306/CEE,
- Treoir 74/290/CEE,
- Treoir 77/102/CEE,
- Treoir 78/665/CEE,
- Treoir 80/1268/CEE,
- Treoir 83/351/CEE,
- Treoir 88/76/CEE,
- Treoir 88/436/CEE,
- Treoir 89/458/CEE,
- Treoir 91/441/CEE,
- Treoir 93/59/CEE,
- Treoir 93/116/CE,
- Treoir 94/12/CE,

* 66 mhí tar éis an dáta a dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm.

– Treoir 96/44/CE,

– Treoir 96/69/CE,

– Treoir 98/69/CE,

– Treoir 98/77/CE,

– Treoir 1999/100/CE,

– Treoir 1999/102/CE,

– Treoir 2001/1/CE,

– Treoir 2001/100/CE,

– Treoir 2002/80/CE,

– Treoir 2003/76/CE,

– Treoir 2004/3/CE,

2. Scriosfar Iarscríbhinní II agus V de Threoir 89/491/CEE ón gCoimisiún an 17 Iúil 1989 lena n-oiriúnaítear don dul chun cinn teicniúil Treoracha Uimh. 70/157/CEE, 70/220/CEE, 72/245/CEE, 72/306/CEE, 80/1268/CEE, agus 80/1269/CEE ón gComhairle a bhaineann le mótarfheithiclí [1] le héifeacht ón ...[*].

3. Forléireofar mar thagairtí don Rialachán seo tagairtí do na Treoracha arna n-aisghairm.

1 IO L 238, 15.8.1989, lch. 43.
* 66 mhí tar éis an dáta a dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm.

4. Aisghairfidh na Ballstáit a reachtaíocht cur chun feidhme a glacadh faoi na Treoracha dá dtagraítear i mír 1 le héifeacht ón ...[*].

*Airteagal 18*

*Teacht i bhfeidhm*

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an tríú lá tar éis a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón ...[**], seachas i gcás Airteagal 10(1) agus Airteagal 12 a mbeidh feidhm acu ón ...[***].

3. Glacfar na leasuithe nó na bearta cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 5(3) agus in Airteagal 14(6) faoin ...[****].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

[*] 66 mí tar éis an dáta a dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm.
[**] 18 mí + 1 lá tar éis an dáta a dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm.
[***] An dáta a dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm.
[****] 12 mhí tar éis an dáta a dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm.

**IARSCRÍBHINNÍ**

IARSCRÍBHINN I – Teorainneacha astaíochta

IARSCRÍBHINN II – Leasuithe ar Threoir 70/156/CE

## IARSCRÍBHINN I

## Teorainneacha astaíochta

Tábla 1: Teorainneacha Astaíochta Euro 5

| | | Mais thagartha (MT) (kg) | Luachanna teorantacha | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Mais aonocsaíde carbóin (CO) | | Mais lánhidreacarbón (MHC) | | Mais hidreacarbón neamh-mheatán (HCNM) | | Mais ocsaídí nitrigine ($NO_x$) | | Mais chumaisc lánhidreacarbón agus ocsaídí nitrigine (MHC + $NO_x$) | | Mais ábhair cháithnínigh (ÁC) | | Líon cáithníní (1) (C) | |
| | | | $T_1$ (mg/km) | | $T_2$ (mg/km) | | $T_3$ (mg/km) | | $T_4$ (mg/km) | | $T_2+T_4$ (mg/km) | | $T_5$ (mg/km) | | $T_6$ (#/km) | |
| Catagóir | Aicme | | AD | AC | AD | AC | AD | AC | AD | AC | AD | AC | AD(2) | AC | AD | AC |
| M | — | Iomlán | 1000 | 500 | 100 | — | 68 | — | 60 | 180 | — | 230 | 5.0 | 5.0 | | |
| $N_1$ | I | Mt≤ 1305 | 1000 | 500 | 100 | — | 68 | — | 60 | 180 | — | 230 | 5.0 | 5.0 | | |
| | II | 1305 < MT ≤ 1760 | 1810 | 630 | 130 | — | 90 | — | 75 | 235 | — | 295 | 5.0 | 5.0 | | |
| | III | ≤ 1760 MT | 2270 | 740 | 160 | — | 108 | — | 82 | 280 | — | 350 | 5.0 | 5.0 | | |
| $N_2$ | | | 2270 | 740 | 160 | — | 108 | — | 82 | 280 | — | 350 | 5.0 | 5.0 | | |

Eochair: AD = Adhaint Dheimhneach, AC = Adhaint Chomhbhrú

(1) Táthar le caighdeán uimhreach a shainiú a luaithe is féidir, ar a dhéanaí an tráth a dtiocfaidh Euro 6 i bhfeidhm.

(2) Is maidir le feithiclí a bhfuil inneall insteallta dírigh iontu amháin atá feidhm ag caighdeáin mhaise cáithníní adhainte deimhní.

Tábla 2: Teorainneacha Astaíochta Euro 6

| | | Mais thagartha (MT) (kg) | Luachanna teorantacha | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Mais aonocsaíde carbóin (CO) | | Mais lánhidreacarbón (MHC) | | Mais hidreacarbón neamh-mheatán (HCNM) | | Mais ocsaídí nitrigine ($NO_x$) | | Mais chumaisc lánhidreacarbón agus ocsaídí nitrigine (MHC + $NO_x$) | | Mais ábhair cháithnínigh (ÁC) | | Líon cáithníní (1) (C) | |
| | | | $T_1$ (mg/km) | | $T_2$ (mg/km) | | $T_3$ (mg/km) | | $T_4$ (mg/km) | | $T_2+T_4$ (mg/km) | | $T_5$ (mg/km) | | $T_6$ (#/km) | |
| Catagóir | Aicme | | AD | AC | AD | AC | AD | AC | AD | AC | AD | AC | AD(2) | AC | AD | AC |
| M | — | Iomlán | 1000 | 500 | 100 | — | 68 | — | 60 | 80 | — | 170 | 5.0 | 5.0 | | |
| $N_1$ | I | MT≤ 1305 | 1000 | 500 | 100 | — | 68 | — | 60 | 80 | — | 170 | 5.0 | 5.0 | | |
| | II | 1305 < MT ≤ 1760 | 1810 | 630 | 130 | — | 90 | — | 75 | 105 | — | 195 | 5.0 | 5.0 | | |
| | III | ≤ 1760 MT | 2270 | 740 | 160 | — | 108 | — | 82 | 125 | — | 215 | 5.0 | 5.0 | | |
| $N_2$ | | | 2270 | 740 | 160 | — | 108 | — | 82 | 125 | — | 215 | 5.0 | 5.0 | | |

Eochair: AD = Adhaint Dheimhneach, AC = Adhaint Chomhbhrú
(1) Saineofar caighdeán uimhreach don chéim seo.
(2) Is maidir le feithiclí a bhfuil inneall insteallta dírigh iontu amháin atá feidhm ag caighdeáin mhaise cáithníní adhainte deimhní.

Tábla 3 - Teorainn Astaíochta na Tástála Astaíochtaí Galaithe

| Mais Astaíochta Galaithe (g/tástáil) |
|---|
| 2,0 |

Tábla 4 - Teorainn Astaíochta na nAstaíochtaí Aonocsaíde Carbóin agus na nAstaíochtaí Sceithphíopa Hidreacarbóin tar éis Tástála Fuarthosaithe

| Teocht tástála 266 K (– 7 °C) | | | |
|---|---|---|---|
| Catagóir Feithicle | Aicme | Mais aonocsaíde carbóin (CO)<br>$T_1$ (g/km) | Mais hidreacarbón (HC)<br>$L_2$ (g/km) |
| M | — | 15 | 1.8 |
| $N_1$ | I | 15 | 1.8 |
| | II | 24 | 2.7 |
| | III | 30 | 3.2 |
| $N_2$ | | 30 | 3.2 |

# IARSCRÍBHINN II

Leasuithe ar Threoir 70/156/CEE

Leasaítear mar a leanas leis seo Treoir 70/156/CEE:

1) In Airteagal 2, cuirtear isteach an abairt seo a leanas tar éis na fleisce deiridh:

"Má dhéantar tagairt sa Treoir seo do Threoir nó Rialachán ar leith áireofar inti freisin gníomhartha cur chun feidhme na Treorach nó an Rialacháin sin.";

2) Cuirtear na focail "nó Rialachán ar leith" isteach tar éis na bhfocal "Treoir ar leith" sna forálacha seo a leanas:

Airteagal 2, an chéad fhleasc; Airteagal 2, an naoú fleasc; Airteagal 2, an deichiú fleasc; Airteagal 2, an ceathrú fleasc déag; Airteagal 3(1); Airteagal 3(4); Airteagal 4(1)(c); Airteagal 4(1)(d); Airteagal 5(5); Airteagal 6(3); Airteagal 7(2); Airteagal 13(4); Airteagal 13(5); Iarscríbhinn I, an chéad fhomhír; Iarscríbhinn III, Cuid III; Iarscríbhinn IV, Cuid II, an chéad mhír; Iarscríbhinn V Roinn 1(a); Iarscríbhinn V Roinn 1(b); Iarscríbhinn V Roinn 1(c); Iarscríbhinn VI, Taobh 2 den deimhniú CE ar chineálcheadú feithicle; Iarscríbhinn VII(1), Roinn 4; Iarscríbhinn VII, fonóta (1); Iarscríbhinn X, Roinn 2.1.; Iarscríbhinn X, Roinn 3.3.; Iarscríbhinn XI, Aguisín 4, Míniú litreacha: X; Iarscríbhinn XII, Roinn B(2); Iarscríbhinn XIV, Roinn 2(a); Iarscríbhinn XIV, Roinn 2(c); Iarscríbhinn XIV, Roinn 2(d);

3) Cuirtear isteach na focail "nó Rialacháin ar leith" tar éis na bhfocal "Treoracha ar leith" sna forálacha seo a leanas:

Airteagal 2, an t-ochtú fleasc; Airteagal 3(1); Airteagal 3(2); Airteagal 4(1)(a) an chéad fhleasc agus an dara fleasc; Airteagal 4(1)(b); Airteagal 4(3); Airteagal 5(4) an tríú fomhír; Airteagal 5(6); Airteagal 8(2); Airteagal 8(2)(c); Airteagal 9(2); Airteagal 10(2); Airteagal 11(1); Airteagal 13(2); Airteagal 14(1)(i); Liosta Iarscríbhinní: ceannteideal Iarscríbhinn XIII; Iarscríbhinn I, an chéad fhomhír; Iarscríbhinn IV, Cuid I, an chéad líne agus an dara líne; Iarscríbhinn IV, Cuid II, fonóta (1) a ghabhann leis an tábla; Iarscríbhinn V Roinn 1(b); Iarscríbhinn V Roinn 3; Iarscríbhinn V Roinn 3(a); Iarscríbhinn V Roinn 3(b); Iarscríbhinn VI, pointe 1 agus pointe 2; Iarscríbhinn VI, Taobh 2 den deimhniú CE ar chineálcheadú feithicle; Iarscríbhinn X, Roinn 2.2.; Iarscríbhinn X, Roinn 2.3.5.; Iarscríbhinn X, Roinn 3.5; Iarscríbhinn XII, an ceannteideal; Iarscríbhinn XIV, Roinn 1.1.; Iarscríbhinn XIV, Roinn 2(c).

4) Cuirtear isteach na focail "nó Rialachán" tar éis an fhocail "Treoir" sna forálacha seo a leanas:

Airteagal 5(3) an tríú fomhír; Iarscríbhinn IV, Cuid I, fonóta X a ghabhann leis an tábla; Iarscríbhinn VI, Taobh 2 den deimhniú CE ar chineálcheadú feithicle, ceannteideal na dtáblaí; Iarscríbhinn VII(1) Roinn 2; Iarscríbhinn VII(1) Roinn 3; Iarscríbhinn VII (1) Roinn 4; Iarscríbhinn VIII, Roinn 1, Roinn 2, Roinn 2.1, Roinn 2.2 agus Roinn 3; Iarscríbhinn IX, Taobh 2 d'fheithiclí iomlána nó d'fheithiclí lánchríochnaithe de chatagóir $M_1$, pointe 45, pointe 46.1 agus pointe 46.2, Iarscríbhinn IX, Taobh 2 d'fheithiclí iomlána nó d'fheithiclí lánchríochnaithe de chatagóir $M_2$ agus de chatagóir $M_3$, pointe 45 agus pointe 46.1; Iarscríbhinn IX, Taobh 2 d'fheithiclí iomlána nó d'fheithiclí lánchríochnaithe de chatagóir $N_1$, de chatagóir $N_2$ agus de chatagóir $N_3$, pointe 45 agus pointe 46.1; Iarscríbhinn IX, Taobh 2 d'fheithiclí neamhiomlána de chatagóir $M_1$, pointe 45 agus pointe 46.1; Iarscríbhinn IX, Taobh 2 d'fheithiclí neamhiomlána de chatagóir $M_2$ agus de chatagóir $M_3$, pointe 45 agus pointe 46.1; Iarscríbhinn IX, Taobh 2 d'fheithiclí neamhiomlána de chatagóir $N_1$, de chatagóir $N_2$ agus de chatagóir $N_3$, pointe 45 agus pointe 46.1; Iarscríbhinn X fonóta 2; Iarscríbhinn X Roinn 1.2.2; Iarscríbhinn XI, Foscríbhinn 4, Míniú litreacha: N/A; Iarscríbhinn 15, ceannteideal an tábla;

Cuirtear isteach na focail "nó Rialacháin" tar éis an fhocail "Treoracha" sna forálacha seo a leanas:

Iarscríbhinn IX, Taobh 2 d'fheithiclí iomlána nó d'fheithiclí lánchríochnaithe de chatagóir $M_1$; Iarscríbhinn IX, Taobh 2 d'fheithiclí iomlána nó d'fheithiclí lánchríochnaithe de chatagóir $M_2$ agus de chatagóir $M_3$; Iarscríbhinn IX, Taobh 2 d'fheithiclí iomlána nó d'fheithiclí lánchríochnaithe de chatagóir $N_1$, de chatagóir $N_2$ agus de chatagóir $N_3$; Iarscríbhinn IX, Taobh 2 d'fheithiclí neamhiomlána de chatagóir $M_1$; Iarscríbhinn IX, Taobh 2 d'fheithiclí neamhiomlána de chatagóir $M_2$ agus de chatagóir $M_3$; Iarscríbhinn IX, Taobh 2 d'fheithiclí neamhiomlána de chatagóir $N_1$, de chatagóir $N_2$ nó de chatagóir $N_3$; Iarscríbhinn XV;

5) In Aithris 8(2)(c), cuirtear na focail "nó Rialachá(i)n" isteach tar éis na bhfocal "Treoir/Treoracha";

6) In Iarscríbhinn IV, cuid I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad cheannteideal an tábla agus phointe 2 de:

| Ábhar | Uimhir na Treorach/an Rialacháin | Tagairt san Iris Oifigiúil | Infheidhmeacht | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | $M_1$ | $M_2$ | $M_3$ | $N_1$ | $N_2$ | $N_3$ | $O_1$ | $O_2$ | $O_3$ | $O_4$ |
| 2. Astaíochtaí/ Rochtain ar fhaisnéis | ..../.../CE<br><br>(CE) Uimh…/.. | L .., ..., lch. .. | X[10] | X[10] | | X[10] | X[10] | | | | | |

[10] I gcás feithiclí nach mó a mais thagartha ná 2610 kg. Arna iarraidh sin don déantóir féadfar é a chur i bhfeidhm i gcás feithiclí nach mó a mais thagartha ná 2840 kg.

7) In Iarscríbhinn IV, cuid I, scriostar pointí 11 agus 39.

8) In Iarscríbhinn VII(4) cuirtear na focail "nó Rialacháin" isteach tar éis na bhfocal "i gcás Treorach";

9) In Iarscríbhinn VII( 5), cuirtear na focail "nó an Rialachán is déanaí" isteach tar éis na bhfocal "an Treoir is déanaí";

10) In Iarscríbhinn XI, Foscríbhinn 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad cheannteideal an tábla agus phointe 2 de:

"

| Ítim | Ábhar | Uimhir na Treorach/an Rialacháin | $M_1 \leq 2\ 50$ 0 (1) kg | $M_1 > 2\ 500$ (1) kg | $M_2$ | $M_3$ |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 2 | Astaíochtaí/ Rochtain ar fhaisnéis | …./…/CE<br>(CE) Uimh…/.. | Q | G+Q | G+Q | |

";

11) In Iarscríbhinn XI, Foscríbhinn 1, scriostar pointí 11 agus 39;

12) In Iarscríbhinn XI, Foscríbhinn 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad cheannteideal an tábla agus phointe 2 de:

"

| Ítim | Ábhar | Uimhir na Treorach/an Rialacháin | $M_1$ | $M_2$ | $M_3$ | $N_1$ | $N_2$ | $N_3$ | $O_1$ | $O_2$ | $O_3$ | $O_4$ |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 2 | Astaíochtaí/ Rochtain ar fhaisnéis | ..../.../CE (CE) Uimh…/.. | A | A | | A | A | | | | | |

";

13) In Iarscríbhinn XI, Foscríbhinn 2, scriostar pointí 11 agus 39.

14) In Iarscríbhinn XI, Foscríbhinn 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad cheannteideal an tábla agus phointe 2 de:

"

| Ítim | Ábhar | Uimhir na Treorach/an Rialacháin | $M_2$ | $M_3$ | $N_1$ | $N_2$ | $N_3$ | $O_1$ | $O_2$ | $O_3$ | $O_4$ |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 2 | Astaíochtaí/ Rochtain ar fhaisnéis | …./…/CE (CE) Uimh…/.. | Q | | Q | Q | | | | | |

";

15) In Iarscríbhinn XI, Foscríbhinn 3, scriostar pointe 11;

16) In Iarscríbhinn XI, Foscríbhinn 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad cheannteideal an tábla agus phointe 2 de:

"

| Ítim | Ábhar | Uimhir na Treorach/an Rialacháin | Craein shoghluaiste de chatagóir N |
|---|---|---|---|
| 2 | Astaíochtaí/ Rochtain ar fhaisnéis | ..../.../CE (CE) Uimh…/.. | N/A |

";

17) In Iarscríbhinn XI, Foscríbhinn 4 scriostar pointe 11.